Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Bealtaine 2019
(OR. en)

9315/19
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0143(COD)**

CODEC 1082
EF 195
ECOFIN 492
SURE 38
SOC 362
IA 152

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ó Phoblacht na Seice**

Tuigeann Poblacht na Seice cuspóirí an togra le haghaidh Rialachán maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU), go háirithe an iarracht chun margadh éifeachtach a chur ar bun le haghaidh táirgí tríú colún sna Ballstáit sin nach bhfuil dóthain forbartha déanta ar na táirgí sin. Mar sin féin, ós rud é gur ar an rialachán earnála Aontais atá ag na hinstitiúidí airgeadais faoi láthair atá an togra bunaithe, níl córais tríú colún náisiúnta neamhchomhchuibhithe in ann a bheith rannpháirteach. Chuige sin, tá Poblacht na Seice den tuairim gur den tábhacht aird a tharraingt ar an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag an Rialachán ar na scéimeanna tríú colún náisiúnta atá ann faoi láthair. Tá baol ann go bhféadfadh an Rialachán cur isteach ar fheidhmiú na scéimeanna náisiúnta seanbhunaithe atá ann do tháirgí tríú colún lena mbaineann cumhdach ard-rannpháirtíochta agus go ndéanfaí sócmhainní atá carntha cheana a aistriú gan éifeacht réasúnta.

**Ráiteas ón Ísiltír**

Tugann an Ísiltír dá haire go ndearnadh athruithe áirithe tábhachtacha ar an togra tosaigh ón gCoimisiún Eorpach. Tugann an Ísiltír dá haire go n-urramaítear sa chomhaontú saincheart na mBallstát i dtaobh an chánachais agus gurb iad na Ballstáit féin a chinneann cibé atá nó nach bhfuil cead ag a n-institiúidí um chóir ar scor ceirde (IORPanna) foráil a dhéanamh do TPPU. Ina dhiaidh sin féin, táimid fós den tuairim go bhfuil an iomarca gníomhartha tarmligthe sa chomhaontú seo agus nár cheart an oiread sin údaráis a thabhairt do EIOPA agus don Choimisiún. Dá bhrí sin, tá an Ísiltír chun vótáil i gcoinne rialachán TPPU le linn Coreper agus le linn na Comhairle.